



**An Roinn Tithíochta,  
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**  
Department of Housing,  
Planning and Local Government

## **Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Anailís ar Thionchar Rialála i ndáil le bunú Coimisiún Toghcháin (Ráiteas Príobháideachais)**

Is é an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, pleanáil fhisiceach agus spásúlachta, rialtas áitiúil agus réamhaisnéisiú na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Míníonn an ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a sholáthraítear di i leith aighneachtaí arna ndéanamh mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir leis an Anailís ar Thionchar Rialála i ndáil le bunú Coimisiún Toghcháin; conas a mbainfear úsáid as an eolas sin, agus na cearta is féidir leat a chur i bhfeidhm i ndáil le do shonraí pearsanta.

### **An fáth a bhfuil do chuid sonraí á bpróiseáil againn**

Bainfidh an Roinn úsáid as d'aighneacht d'fhonn bunú Coimisiún Toghcháin a chur ar an eolas.

Bailíonn an Roinn do shonraí i bhfoirm aon sonraí teagmhála a fhaighimid uait d'fhonn soiléireacht ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo a chinntiú. Maidir leis sin, féadfaidh an Roinn teagmháil a dhéanamh leat le ceisteanna leantacha maidir le d'aighneacht. Foilseofar aighneachtaí a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí ar láithreán gréasáin na Roinne, [www.housing.gov.ie](http://www.housing.gov.ie). Is féidir aighneachtaí a eisiúint freisin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Déanfar sonraí pearsanta, mar shampla sonraí teagmhála, a leasú roimh fhoilsiú. Cuirfidh an Roinn d'ainm, nó ainm na heagraíochta ar a dhéanann tú ionadaíocht, san áireamh in aon aighneacht foilsithe. Más mian leat nach mbeadh d'ainm le feiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne, cuir an méid sin in iúl i d'aighneacht. Beidh gach aighneacht a fhaightear faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche seachas an chríoch dar bailíodh iad.

### **Próifíliú**

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i leith an chomhairliúcháin phoiblí seo maidir leis an Anailís ar Thionchar Rialála i ndáil le bunú Coimisiún Toghcháin chun críche cinnteoireachta nó próifíliú uathoibríthe.

### **Dlíthiúlacht na próiseála**

Tá an phróiseáil seo de do shonraí pearsanta dlíthiúil faoi Airteagal 6 (1) (e) den Rialachán GDPR lena bhforáiltear *go bhfuil gá le próiseáil chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe sa rialaitheoir a chomhlíonadh*, sa chás seo, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ina cháil mar chomhlacht atá freagrach as beartas agus reachtaíocht toghcháin.

### **Slándáil do shonraí pearsanta**

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagrúcháin cuí i bhfeidhm chun do chuid faisnéise a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl aon bhearta slándála foirfe nó dothreáite ann, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne aon idirghabhála nó cineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i mbaol mar gheall ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sárú na Roinne i ngníomh.

### **Faighteoirí na sonraí**

D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe ina bhforáiltear dó sin de réir an dlí. Cé go bhféadfaí ábhar nó substaint aighneachtaí a roinnt, ní roinnfear sonraí pearsanta ar nós sonraí teagmhála le haon chomhlacht eile chun críocha an chomhairliúcháin seo. Sa chás go bhfuil aighneacht déanta ag eagraíocht, d'fhéadfaí ainm na heagraíochta a roinnt.

## **Aistrithe Sonraí Trasteorann**

Ní dhéanfaidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear i leith an chomhairliúchán phoiblí seo a aistriú maidir le Anailís ar Thionchar Rialála i ndáil le Coimisiún Toghcháin chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

## **Cén fhad a choinneoidh do chuid sonraí?**

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch dar bailíodh agus a dar próiseáladh iad. Nuair nach bhfuil gá le do sonraí pearsanta a thuilleadh chun na críche sin, scriosfaimid nó cuirfimid ó mhaith iad ar bhealach slán.

I gcomhréir le ceanglais agus aonad gnó reachtaíochta, beidh tréimhse coinneála sonraí do sonraí pearsanta bainteach leis an obair seo agus leis an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 (arna leasú).

## **Do chearta**

Tá **Beartas Cosanta Sonraí**, na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar i leith do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear mionsonraí maidir le ceart rochtana, ceart go ndéanfaí ceartúcháin, ceart go ndéanfaí léirscriosadh, ceart go gcuirfí srian le próiseáil, ceart chun agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir cóip chrua den bheartas a fháil freisin ach í a iarraidh.

Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

## **Teagmháil a dhéanamh linn**

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, téigh i dteagmháil le **hOifigeach Cosanta Sonraí** na Roinne, sonraí thíos:

**Oifigeach Cosanta Sonraí,**

**An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,**

**Bóthar an Bhaile Nua,**

**Loch Garman**

Ríomhphost: [data.protection@housing.gov.ie](mailto:data.protection@housing.gov.ie)

Teileafón: 053 9117450